



SPÓRT
ÉIREANN
FRITHDHÓPÁIL

SPORT
IRELAND
ANTI-DOPING

Athbhreithniú Bliantúil 2020

2020

Buaicphointí an Chláir




41

An líon Pearsan Bailiúcháin Samplaí a athchreidiúnaíodh



9,046

An líon cuardach rathúil ar shuíomh Gréasáin Eirpharm



1,045

An líon samplaí fola agus fuail a bailíodh ó lúthchleasaithe

108

An líon samplaí a cuireadh isteach i stóráil fhadtéarmach

18

An líon Díolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach ar cheadaigh Spórt Éireann iad



5,001

An líon daoine a chuir an Cúrsa Ríomhfhoghlama Frithdhópála i gcrích



Clár Ábhar

Brollach	4
Réamhrá	5
Faisnéis Chúlra	6
Tathant ar son an Spóirt Ghlain ar fud an Domhain	10
Glór an Lúthchleasaí	12
Oideachas sa Spórt Glan	14
Tástáil agus Eolaíocht	16
Cógais agus TUEnna	19
Oibríochtaí an Aonaid Frithdhópála	22
Aguisíní	24

Brollach

Ní fhacthas bliain cosúil le 2020 riamh cheana.

Cé go rabhamar ag súil leis go mbeimis ag féachaint siar ar an ról a bhí ag an aonad frithdhópála i lúthchleasaithe a ullmhú do na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha i dTóiceo agus do mhóirmeachtaí spóirt náisiúnta agus idirnáisiúnta, is amhlaidh nach mar sin atá.

Ar feadh na coda is mó den bhliain 2020, bhí ár bpáirceanna imeartha, ár staidiamai, ár gcúirteanna, ár láithreacha agus ár raonta folamh de réir mar a leath paindéim Covid-19 ar fud an domhain.

Cé go raibh baol ann go gcuirfí mór-ilchomórtais agus mórchomórtais siar nó ar ceal, bhí léas dóchais againn nuair a ceadaíodh an filleadh páirteach ar an traenáil agus, ar deireadh, ar an iomaíocht.

Beag beann ar an srian suntasach ar ghníomhaíocht spóirt, d'aithin an Rialtas an tábhacht a bhaineann leis an troid in aghaidh na dópála sa spóirt. A bhui le gníomhaíocht frithdhópála a ainmniú mar ghníomhaíocht 'bhunriachtanach', bhí ár bpearsana bailiúcháin samplaí in ann leanúint lena n-obair thábhachtach ar fud na tíre ar fad.

Mar thoradh ar na srianta a forchuireadh, ba ghá do bhaill foirne frithdhópála bheith sofhreagrach agus nuálach. Is inmholta atá an bealach inar fhreagair baill foirne agus pearsana bailiúcháin samplaí Spóirt Éireann don mhéid sin, agus 1,045 tástáil á ndéanamh ar fud 27 spóirt difriúil mar chuid den chlár tástála. Ní nach ionadh, ní raibh samplaí laistigh de chomórtas freagrach ach as 17% de na samplaí a bailíodh faoin gclár náisiúnta tástála, agus samplaí lasmuigh de chomórtas freagrach as 83% díobh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill uile d'Aonad Frithdhópála Spóirt Éireann as an iarracht iontach a chuir siad isteach sa bhliain 2020, ag obair dóibh i ndálaí an-difriúil chun ionracas an spóirt a chosaint in Éirinn.

Is ábhar bróid dom go raibh Spóirt Éireann ar cheann amháin den aon bhall déag de ghrúpa oibre idirnáisiúnta Eagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála a d'fhorbair Mionathruithe ar Phrótacail Bhailiúcháin Samplaí le haghaidh tástáil le linn na paindéime. Bhain an Ghníomhaireacht Dhomhanda um Frithdhópáil (WADA) leas as na prótacail sin mar bhunchloch dá prótacail féin, atá leagtha amach sa doiciméad uaithi dar teideal COVID-19: Treoir d'Eagraíochtaí Frithdhópála maidir le Tástáil a Atosú. Coimeádann sé sin an ról láidir a bhíonn á imirt ag Spóirt Éireann mar cheannaire i réimse na frithdhópála idirnáisiúnta.

Fógraíodh trí shárú ar rialacha frithdhópála don bhliain 2020, i dteannta ceithre shárú eile a bhí ar feitheamh ón mbliain 2019.

Cé gur cúis aiféala é i gcónaí a fháil amach go ndearna duine aonair sárú ar rialacha frithdhópála, léiríonn an líon a aimsítear go bhfuil ag éirí leis an gcóras tástála. Ina theannta sin, tugann gach cás eispéireas luachmhar foghlama do lúthchleasaithe, do chóitseálaithe agus do riarthóirí.

Maidir leis sin, lean Spóirt Éireann le borradh a chur faoina sholáthar oideachais sa bhliain 2020 d'ainneoin na n-imthosca dúshlánacha a bhí i réim. Cuireadh oiliúint ar 6,544 duine san iomlán de lúthchleasaithe agus de phearsana tacaíochta lúthchleasaithe trí sheimineáir aghaidh ar aghaidh (roimh thús na paindéime), trí sheisiúin oideachais ar líne agus trí shuíomh ríomhfhoghlama Frithdhópála Spóirt Éireann. Is iontach an rud é gurb amhlaidh, d'ainneoin shrianta COVID-19, gurb airde an figiúr sin ná an figiúr don bhliain 2019 (6,445 duine).

Rud atá chomh tábhachtach céanna leis an oideachas is ea an tiomantas leanúnach atá ann dá chinntiú go bhfuil ról lárnach ag lúthchleasaithe i ngach gné den fhrithdhópáil. Tá tiomantas Spórt Éireann don mhéid sin le feiceáil go soiléir sa rannchuidiú a rinne sé leis an tionscadal taighde RESPECT sa bhliain 2020.

Tá an eolaíocht agus imscrúduithe i réimse na frithdhópála ina n-eilimintí rithábachtacha den phróiseas frithdhópála. Seasfaidh an bhéim láidir a cuireadh ar an dá réimse sin sa bhliain 2020 ar fad don chlár, agus sinn ag tarraingt isteach ar bhliain a bhfuil súil againn go mbeidh sí lán le gníomhaíocht spóirt.

Bhí comhpháirtíocht agus comhoibriú ar thús cadhnaíochta na hoibre frithdhópála ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta araon. Tá an t-ádh orainne anseo in Éirinn comhpháirtithe láidre a bheith againn ar leibhéal reachtúil de réir mar a oibrímid i dtreo spóirt glan a bhaint amach. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chúnamh a fuarthas ón Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ina leith sin. Bhí lúcháir orainn meabhrán tuisceana a shíniú le Cumann Cógaiseoirí na hÉireann sa bhliain 2020 freisin. Éascófar leis an meabhrán tuisceana sin comhoibriú idir na gníomhaireachtaí, lena n-áirítear comhroinnt faisnéise, go háirithe i gcás leasanna forluiteacha nó réimsí leasa fhrithpháirtigh.

Is é seo an chéad Athbhreithniú ar Chlár Frithdhópála na hÉireann uaim mar Chathaoirleach ar an gCoiste Frithdhópála agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt don rannchuidiú a rinne Caroline Murphy, an Cathaoirleach roimhe, don fhrithdhópáil in Éirinn. Tá Caroline ina sárcheannaire agus ina tathantóir den scoth ar son an spóirt ghlain. Thar ceann Spórt Éireann, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Caroline agus gach rath a ghuí uirthi sa todhchaí.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Painéal Araíonachta Frithdhópála Spóirt na hÉireann, atá faoi chathaoirleacht ag Michael Collins SC, as a chuid oibre le linn na bliana 2020, ar bhliain an-ghnóthach í. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Oll. Sean Gaine agus leis na comhaltai eile den Choiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach as an rannchuidiú a rinne siad.

Roger O'Connor

Cathaoirleach, An Coiste Frithdhópála

Réamhrá

Tá áthas orainn an t-aonú athbhreithniú bliantúil is fiche ar Aonad Frithdhópála Spórt Éireann a chur i láthair, rud ina gcumhdaítear an bhliain 2020.

Tugtar san athbhreithniú seo mionsonraí cuimsitheacha faoi ghníomhaíochtaí Chlár Frithdhópála na hÉireann sa bhliain 2020, lena n-áirítear costas airgeadais an chlár. Bhí costas €X,XXX,XXX ag baint leis an gclár sa bhliain 2020, ar lena linn a rinneadh 1,045 ceann de thástálacha fola agus fuail in Éirinn agus thar lear.

Mar a léirítear in áiteanna eile san athbhreithniú seo, bhí tionchar ollmhór ag paindéim dhomhanda Covid-19 ar ár spórt agus ar an tírdhreach frithdhópála. Stopadh an spórt go tobann i mí an Mhárta, agus traenáil agus comórtais á gcur ar an méar fhada. Bhí sé rithábhachtach a chinntiú nach mbeadh aon mhaolú ann ar an dianchlár frithdhópála mar thoradh ar scor an spóirt. Ag obair dúinn go dlúth lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, bhí lúcháir orainn díolúine a áirithiú do phearsana frithdhópála nuair a aicmíodh iad mar 'oibrithe bunriachtanacha' sna rialacháin ón Rialtas.

Ina theannta sin, chuir Spórt Éireann córais agus prótacail nuálacha agus shofhreagracha chun feidhme chun a chinntiú go bhféadfaí leanúint le lúthchleasaithe a thástáil ar bhealach sábháilte. De réir mar a ceadaíodh dár scothlúthchleasaithe filleadh ar an traenáil, ba dhearfach an rud é go bhféadfadh Spórt Éireann leanúint le clár fairsing tástála a chur i bhfeidhm.

Le linn na tréimhse, leanamar orainn ag obair go dlúth lenár gcomhghleacaithe san Údarás Rialála Táirgí Sláinte, i gCustaim agus sa Gharda Síochána chun coinneáil airdeallach, agus táimid ag tnúth le hobair i gcomhar leo agus lenár gcomhpháirtithe nua i gCumann Cógaiseoirí na hÉireann sa bhliain 2021.

Ar an drochuair, chuir eachtraí lasmuigh den pháirc imeartha smál arís eile ar an troid in aghaidh na dópála sa spórt. Braitheadh déjà vu ar leith nuair a tháinig an cheist a bhaineann le comhlíonadh an Chóid Dhomhanda Frithdhópála ag an Rúis chun cinn an athuair ag deireadh na bliana. Agus í ina bliain an-deacair don spórt cheana féin, rinneadh an scéal níos measa fós nuair a mhaolaigh an Chúirt Eadrána Spóirt na smachtbhannaí an-lag a d'fhorchuir WADA ar an Rúis de bharr a cionta éagsúla.

Tar éis plé leis an gcás le roinnt mhaith blianta, níor cuireadh ar an Rúis ach pionós beag fánach arbh ionann é agus cosc ar amhrán náisiúnta a sheinm agus pianbhreith laghdaithe de bharr drochiompraíochta. Áiríodh leis an iompraíocht sin sonraí a mhí-ionramháil ar mhórsála tar éis iarracht a dhéanamh arís agus arís eile moill a chur ar an dul chun cinn ar imscrúduithe WADA. Ní fhéadfaí a rá gur smachtbhanna fiúntach é sin i leith an scannail is mó riamh sa spórt idirnáisiúnta.

Fágann sé sin go rachaidh lúthchleasaithe Rúiseacha san iomaíocht sa Rúis anois, áit a mbeidh dathanna na Rúise orthu agus ainm na Rúise scríofa ar a n-éidí. Sa bhliain 2016, ghlac breis agus 280 lúthchleasaí Rúiseach páirt sna Cluichí Oilimpeacha in Rio; mar sin, d'fhéadfaí spás sna Cluichí Oilimpeacha i dTóiceo a shéanadh ar bheagnach 300 lúthchleasaí a chloíonn leis na rialacha agus d'fhéadfaí spás sna Cluichí Parailimpeacha a shéanadh ar i bhfad níos mó daoine eile. An bhfuil sé sin cóir?

Ag obair dúinn i gcomhar lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta, leanaimid le troid ar son rialachas agus formhaoirseacht níos láidre ar fud an chórais dhomhanda frithdhópála. Tá sé riachtanach go mbeadh muinín ag lúthchleasaithe ar fud an domhain go mbíonn siad ag dul san iomaíocht ar théarmaí córa, cothroma agus trédhearcacha; agus tacaímid go hiomlán leo.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár lúthchleasaithe as a gcomhar leanúnach iomlán le linn na bliana 2020, a bhí ina bliain dheacair dúinn go léir. Is inmholta atá an bealach ina nglacann lúthchleasaithe Éireannacha le héiteas an spóirt ghlain. Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil leis na lúthchleasaithe sin a leanann le gníomhú mar thathantóirí agus mar ambasadóirí do na cláir leanúnacha um thástáil, cosc agus oideachas. Ós rud é nach dtástáiltear iad ag am feiliúnach i gcónaí, is inmholta atá an bealach gairmiúil inar iompair ár lúthchleasaithe iad féin agus inar chloígh siad leis na prótacail nuair a fuair siad an glaoch.

Ba mhaith le Spórt Éireann aitheantas a thabhairt don tsársheirbhís a sholáthair an tAonad Frithdhópála le linn tréimhse dhúshlánach sa bhliain 2020 agus don tsársheirbhís a sholáthraíonn sé go fóill. Ní hé amháin gur sholáthair an Dr Úna May agus a foireann atá faoi stiúir ag Siobhán Leonard cur chuige nuálach oiriúnaitheach i leith an chláir láidir thástála, ach lean siad freisin le hobair go dlúth leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun an tábhacht a bhaineann leis an spórt glan a chur in iúl.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na daoine aonair éirimiúla a sholáthair seirbhís dhílis don Choiste Frithdhópála, a bhí faoi stiúir ag Caroline Murphy, an cathaoirleach roimhe, agus atá faoi stiúir anois ag Roger O'Connor, an cathaoirleach nua. Is mór ag Clár Frithdhópála na hÉireann an obair chrua a chuireann siad isteach agus an dóigh a bhféachann siad de shíor le hionracas spóirt a bhaint amach.



Kieran Mulvey
Cathaoirleach



John Treacy
Príomhfheidhmeannach



Faisnéis Chúlra

Físeanna an Chláir

Tástáil

Clár tástála atá éifeachtach agus cáilíochtbhunaithe a sholáthar.

Oideachas

Forbairt agus soláthar clár oideachais ar ardchaighdeán a éascú do na mór-gheallsealbhóirí uile.

Taighde

Clár fadtéarmach taighde a bhunú, rud lena gcomhlánaítear an taighde frithdhópála a dhéantar ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus lena gcuirtear an taighde sin ar aghaidh.

Idirnáisiúnta

Coinneáil ar an eolas faoin dea-chleachtas idirnáisiúnta agus comhoibriú le tionscnaimh idirnáisiúnta ábhartha.

Riarachán

Caighdeáin cháilíochta a fhorbairt agus a chothabháil chun nósanna imeachta riaracháin atá cuí agus trédhearcach a chinntiú.





An cúla atá le Clár Frithdhópála Spórt na hÉireann

Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna atá ag Spórt Éireann i réimse na frithdhópála faoin Acht um Spórt Éireann (2015):

- caighdeán dea-iompair, cothrom na Féinne agus an deireadh le dópáil sa spórt a éascú trí threoirilínte agus cóid chleachtais a fhógairt;
- tabhairt faoi cibé gníomhaíocht a mheasfaidh Spórt Éireann a bheith cuí, lena n-áirítear tástáil, chun dópáil sa spórt a chomhrac;
- pleanáil, cur chun feidhme, meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar chlár oideachais agus faisnéise chun dea-iompair, cothrom na Féinne agus an deireadh le dópáil sa spórt a éascú;
- ina cháil mar eagraíocht náisiúnta frithdhópála sa Stát, bailiú samplaí a ordú, bainistiú a dhéanamh ar thástáil samplaí agus ar thorthaí tástála, agus freastal ar éisteachtaí, de réir mar is gá;

Fianaise ar an mórthosaíocht a thugtar d'obair frithdhópála Spórt Éireann is ea go bpléitear go hiomlán in alt 4 den Acht leis an gclár frithdhópála a neartú. Ainmníodh Spórt Éireann go soiléir mar Eagraíocht Náisiúnta Frithdhópála in Éirinn agus cumhdáíodh Rialacha Frithdhópála na hÉireann sa reachtaíocht sin freisin. Chomh maith leis sin, cuireadh leis na cumhachtaí atá aige chun sonraí a chomhroinnt le príomhúdarais rialála stáit agus le hEagraíochtaí Frithdhópála cuí eile.

Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún UNESCO in aghaidh Dópála sa Spórt freisin, rud lena gceanglaítear ar an rialtas cur chun feidhme a dhéanamh ar Chlár Náisiúnta lánfheidhmiúil Frithdhópála lena gcomhlíontar na hairteagail ábhartha uile atá sa Chód Domhanda Frithdhópála. Tá an Cód Domhanda Frithdhópála fós ar an mbunchloch don troid dhomhanda in aghaidh na dópála sa spórt. In Éirinn, léirítear an cód sin i Rialacha Frithdhópála na hÉireann, ar tríothu a chuirtear é chun feidhme ina dhiaidh sin.

Rinne Éire Coinbhinsiún Frithdhópála Chomhairle na hEorpa a dhaingniú go foirmiúil sa bhliain 2003. Leis an gCoinbhinsiún, leagtar rialacha ceangailteacha síos d'fhonn rialacháin frithdhópála a chomhchuíbhiú, go háirithe ar na bealaí seo a leanas: é a dhéanamh níos deacra substaintí coiscthe amhail stéaróidigh anabalacha a fháil agus a úsáid; cabhrú le tástálacha frithdhópála a chistiú; nasc a bhunú idir rialacha frithdhópála a chur i bhfeidhm go docht agus fóirdheontais a dhámhachtain d'eagraíochtaí spóirt agus d'fhir spóirt nó mná spóirt aonair; agus nósanna imeachta rialaithe dópála a chur i gcrích go rialta le linn comórtas agus lasmuigh díobh araon, lena n-áirítear i dtíortha eile.

Coiste Frithdhópála Spórt Éireann

Tá Coiste Frithdhópála Spórt Éireann ina choiste comhairleach do Bhord Spórt Éireann. Soláthraíonn gach comhalta saintreoir don Aonad Frithdhópála agus úsáideann siad an saineolas atá acu ar réimsí éagsúla chun tacú lena chuid oibre.

De bharr phaindéim COVID-19, tháinig an Coiste le chéile go fíorúil dhá uair le linn na bliana 2020. Ba iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste:

Caroline Murphy Uas.
Cathaoirleach, Comhalta de Bhord Spórt Éireann
(Eanáir – Deireadh Fómhair)

An tUas. Roger O'Connor
Comhalta de Bhord Spórt Éireann
(Cathaoirleach Eatramhach, Deireadh Fómhair – an t-am i láthair)

An tOll. Brendan Buckley
Iar-Phríomhoifigeach Leighis, ICON

An Dr Bill Cuddihy
Iar-Oifigeach Leighis, Lúthchleasaíocht Éireann

An tOll. Patrick Guiry
Cógaiseoir, UCD

Wendy Henderson Uas.
Oifigeach Oideachais Frithdhópála,
Spórt Thuaisceart Éireann

An tUas. Patrick O'Connor
Comhalta de Bhord Spórt Éireann

Ruth Wood-Martin Uas.
Cothaitheach Feidhmíochta, IRFU

An tUas. David Gillick
Lúthchleasaí

An tUas. Roger O'Connor
Comhalta de Bhord Spórt Éireann

Rúnaíocht: An Dr Úna May,
Stiúrthóir Rannpháirtíochta agus Eitice,
Spórt Éireann

Painéal Araíonachta Frithdhópála Spórt na hÉireann

De réir Airteagal 8 de Rialacha Frithdhópála na hÉireann, tá Painéal Araíonachta Frithdhópála Spórt na hÉireann ina phainéal saineolaithe neamhspleácha atá ar fáil chun éisteacht nó cinneadh a dhéanamh ar chás nó achomharc a eascraíonn as Rialacha Frithdhópála na hÉireann. Beidh gach painéal éisteachta comhdhéanta de Chathaoirleach a bhfuil saineolas dlí aige/aici, de lia-chleachtóir agus de riarthóir spóirt. Tá sé de chumhacht ag an bPainéal a chinneadh cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú ar rialacha frithdhópála agus, i gcás gur cinneadh go ndearnadh sárú orthu, tá sé de chumhacht aige cinneadh a dhéanamh ar na hiarmhairtí atá le forchur de bhun na Rialacha.

Is iad seo a leanas na daoine a d'fhóin mar chomhaltaí de Phainéal Araíonachta Frithdhópála Spórt na hÉireann le linn na bliana 2020:

Michael Collins	Cathaoirleach
Helen Kilroy	Leas-Chathaoirleach
Adrian Colton	Leas-Chathaoirleach
Hugh O'Neill	Leas-Chathaoirleach
An Breitheamh Fidelma Macken	Leas-Chathaoirleach
Warren Deutrom	Ionadaí Riaracháin
Liz Howard	Ionadaí Riaracháin
Bill O'Hara	Ionadaí Riaracháin
Philip Browne	Ionadaí Riaracháin
Mary O'Flynn Flannery	Ionadaí Leighis
Colm O'Moráin	Ionadaí Leighis
Pat O'Neill	Ionadaí Leighis
Denis Cusack	Ionadaí Leighis
Rachel Cullivan-Elliott	Ionadaí Leighis

An Coiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach

Ar aon dul leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta le haghaidh Díolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach ar eisigh an Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil é, déanann Coiste Spórt Éireann um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach (TUE) breithniú ar iarratais ar TUE do lúthchleasaithe Éireannacha.

Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach:

An tOll. Sean Gaine, (Cathaoirleach)
Galair Riospráide

An Dr James Gibney, Inchríneolaíocht

An tOll. Stephen Lane, Galair Riospráide

An Dr Philip Murphy, Haemaiteolaíocht

An tOll. John O'Byrne, Ortaipéidic
(Eanáir – Deireadh Fómhair)

An Dr Sinéad Harney, Réamaiteolaíocht

An Dr Catherine McGorrian, Cairdeolaí

An tUas. Séamus Morris, Ortaipéidic
(Samhain – Nollaig)

Baill Foirne

An Dr Úna May
Stiúrthóir Rannpháirtíochta agus Eitice sa Spórt

Siobhán Leonard Uas.
Stiúrthóir Frithdhópála agus Eitice

Rachel Maguire Uas.
Bainisteoir Oideachais agus Taighde
Frithdhópála (Eanáir – Aibreán)

Melissa Morgan Uas.
Bainisteoir Tástála agus Cáilíochta

An tUas. Michael Heffernan
Oifigeach Faisnéise agus Imscrúduithe

An tUas. Gerard Nowlan
Oifigeach Eolaíochta

Janine Merriman Uas.
Feidhmeannach Frithdhópála

An tUas. Michael McNulty
Feidhmeannach Frithdhópála

Orla Kavanagh Uas.
Oifigeach Eitice

Sonraí Teagmhála

Spórt Éireann
An Clós Cúirte
Campas Spórt Éireann
Bóthar Snugborough
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliath 15
D15 PN0N
Éire
Teileafón: +353-1-860 8800
Suíomh Gréasáin:
www.sportireland.ie/antidoping
Ríomhphost: antidoping@sportireland.ie



Gníomhaíochtaí ar son an Spóirt Ghlain ar fud an Domhain

Seasamh i leith an Chinnidh ón gCúirt Eadrána Spóirt maidir le Comhlíonadh na Rúise

Lean Spórt Éireann le haird a tharraingt ar a sheasamh i leith Chomhlíonadh an Chóid Dhomhanda Frithdhópála ag an Rúis agus d'éisigh sé ráiteas an 18 Nollaig 2020 maidir leis an gcinneadh ón gCúirt Eadrána Spóirt an smachtbhanna ar an Rúis a laghdú. I mí na Nollag 2019, dhearbhaigh WADA nár chomhlíon an Rúis an Cód Domhanda Frithdhópála ar feadh tréimhse ceithre bliana. Rinne an Rúis achomharc in aghaidh an smachtbhanna sin agus, i mí na Nollag 2020, laghdaigh an Chúirt Eadrána Spóirt an tréimhse sin go dhá bhliain.

Dúirt John Treacy, Príomhfheidhmeannach Spórt Éireann, an méid seo a leanas ag an am:

"Bhí an bhliain 2020 ina bliain an-deacair don spórt cheana féin agus rinneadh an scéal níos measa fós nuair a mhaolaigh an Chúirt Eadrána Spóirt na smachtbhannaí a d'fhorchuir WADA ar an Rúis, ar smachtbhannaí iad a bhí an-lag cheana féin. Cad é an toradh atá ar an eachtra sin ar fad? Cosc ar amhrán náisiúnta a sheinm agus pianbhreith laghdaithe de bharr drochiompraíochta, lena áiríodh sonraí a mhí-ionramháil ar mhórscaala tar éis iarracht a dhéanamh arís agus arís eile moill a chur ar an dul chun cinn ar imscrúduithe WADA. Is é sin an smachtbhanna i leith an scannail is mó riamh sa spórt idirnáisiúnta."

"Beidh cead ag lúthchleasaithe Rúiseacha dul san iomaíocht go fóill; rachaidh siad san iomaíocht agus dathanna na Rúise orthu; rachaidh siad san iomaíocht agus ainm na Rúise scríofa ar a n-éidí. Sa bhliain 2016, ghlac breis agus 280 lúthchleasaí Rúiseach páirt sna Cluichí Oilimpeacha in Rio – mar sin, d'fhéadfaí spás sna Cluichí Oilimpeacha i dTóiceo a shéanadh ar bheagnach 300 lúthchleasaí a chloíonn leis na rialacha agus d'fhéadfaí spás sna Cluichí Parailimpeacha a shéanadh ar i bhfad níos mó daoine eile. Tá Spórt Éireann i bhfách go hiomlán leis an ráiteas ó Global Athlete, atá ag labhairt thar ceann lúthchleasaithe glana ar fud an domhain."

Cruinnithe Mullaigh Cheannairí na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála

Cuireadh dhá cheann de Chruinnithe Mullaigh Cheannairí na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála ar siúl go fóirúil an 24 Márta agus an 2 agus an 3 Meán Fómhair 2020. I measc nithe eile, rinne na Ceannairí plé ar athchóirithe ar an nGníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil (WADA), ar an staid i nGníomhaireacht Frithdhópála na Rúise (RUSADA) agus ar an tionchar a d'imir paindéim dhomhanda COVID-19 ar an gcóras frithdhópála.

Rannchuidiú Idirnáisiúnta

Thug Spórt Éireann aiseolas do WADA ar roinnt litreacha teicniúla agus doiciméad teicniúil agus ar an Liosta Substantí Coiscithe don bhliain 2021.

Chomh maith leis sin, d'fhreastail an tAonad Frithdhópála ar líon mór seimineár Gréasáin a chuir WADA agus Institiúid na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála (INADO) i láthair maidir leis an gCód Domhanda 2021 agus maidir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta athbhreithnithe nua a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021. Leis na seimineáir Ghréasáin sin, cabhraíodh leis an Aonad Frithdhópála beartais agus nósanna imeachta Chlár Frithdhópála na hÉireann a fhorbairt agus a athbhreithniú, agus comhlíonadh an Chóid Dhomhanda 2021 agus na gCaighdeáin Idirnáisiúnta á chinntiú. Tá na cruinnithe agus na seimineáir Ghréasáin uile ar freastalaíodh orthu liostaithe in aguisín 3.



Cruinnithe Ghrúpa Saineolaithe Tástála na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála

D'fhreastail Spórt Éireann ar chruinniú démhíosúil fíorúil le 11 Eagraíocht eile Náisiúnta Frithdhópála sa bhliain 2020. I measc na dtopaicí a pléadh lena linn bhí an t-eolas tástála is deireanaí ó gach tír agus bearta cosanta breise le linn phaindéim COVID-19, pleanáil dáileacháin tástálacha agus an athmheastóireacht a rinneadh ar an bpleanáil sin le linn phaindéim COVID-19, athruithe ar an gCód Domhanda 2021, agus an dul chun cinn a rinne gach tír ar na Rialacha Frithdhópála uathu don bhliain 2021.

Comhairle na hEorpa, an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO)

Rannchuidigh Spórt Éireann le Grúpa Faireacháin Choinbhinsiún Frithdhópála Chomhairle na hEorpa agus le Grúpaí Comhairleacha Chomhairle na hEorpa um Oideachas agus Eolaíocht. D'fhreastail an tAonad Frithdhópála go fíorúil ar roinnt cruinnithe de chuid Choiste Eorpach Chomhairle na hEorpa don Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil ar fud na bliana agus rannchuidigh sé leo freisin. Le linn na gcruinnithe sin, socraítear an sainordú do chomhaltaí na nÚdarás Poiblí Eorpach de Choiste Stiúrtha WADA agus do chruinnithe an Choiste Feidhmiúcháin.

Tionscadal Erasmus+ um Rialachas Eagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála

Leanann Spórt Éireann le rannchuidiú le tionscadal Erasmus+ um rialachas eagraíochtaí náisiúnta frithdhópála. Is tionscadal tagarmharcála é sin a bhfuil mar aidhm leis iniúchadh a dhéanamh ar na leibhéil rialachais atá i bhfeidhm i roinnt Eagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála. Cé go raibh sé le críochnú i bhFómhar na bliana 2020, fadaíodh tréimhse an tionscadail go lár na bliana 2021 de bharr phaindéim COVID-19. Táthar ag súil go mbeidh an seimineár deiridh ar siúl i mí an Mheithimh 2021, ar lena linn a sheolfar torthaí an tionscadail.



Oideachas sa Spórt Glan

Ceann de na torthaí is spéisiúla a bhí ar an tionscadal RESPECT ba ea go measann na lúthchleasaithe a ghlac páirt sa taighde gurb ionann ‘Lúthchleasaí glan’ agus “duine atá dílis dó/di féin”. Mar an gcéanna, bhraith siad nach dtuilleann an lúthchleasaí glan aon mholadh. Thacaigh siad go láidir le cláir oideachais frithdhópála ina ndírítear go príomha ar dhópáil de thaisme a chosc.



Creidimidne i Spórt Éireann gur tríd an oideachas, agus ní trí rialú dópála, ba cheart do lúthchleasaí blaiseadh a fháil den fhrithdhópáil den chéad uair. Trí chlár oideachais frithdhópála Spórt Éireann, soláthraítear oideachas do lúthchleasaithe, do phearsana tacaíochta lúthchleasaithe agus do gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ábhartha ar bhonn bliantúil. Is é atá i gceist leis an gclár oideachais sin ná oiliúint do theagascóirí frithdhópála, oideachas aghaidh ar aghaidh, ríomhfhoghlaim frithdhópála, agus roinnt acmhainní eile amhail cártaí sparáin agus inneachar suímh Ghréasáin. Mar chuid den chód nua don bhliain 2021, tabharfaidh WADA Caighdeán Idirnáisiúnta nua le haghaidh an Oideachais isteach freisin. Chuir Spórt Éireann tús le hobair chun plean oideachais frithdhópála a fhorbairt sa bhliain 2020, rud lena gcomhlíonfar an Caighdeán Idirnáisiúnta nua le haghaidh an Oideachais ina iomláine. Eiseofar an plean oideachais frithdhópála sa bhliain 2021.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIDEACHAIS

25,000

An líon Cártaí Sparáin a dáileadh

52

An líon Seimineár Aghaidh ar Aghaidh

5,001

An líon daoine a ghlac páirt sa Ríomhfhoghlaim

16

An líon ceann de Sheisiúin Oideachais ar Líne/Seimineáir Ghréasáin

1,543

An líon daoine a d'fhreastail ar Sheimineáir/Seisiúin Oideachais ar Líne

0

Oiliúint do Theagascóirí (de bharr shrianta COVID-19)

Ní rabhthas in ann aon seisiúin oiliúna a sheoladh do theagascóirí frithdhópála sa bhliain 2020. Mar sin féin, cuireadh oiliúint ar 6,544 duine san iomlán de lúthchleasaithe agus de phearsana tacaíochta lúthchleasaithe trí sheimineáir aghaidh ar aghaidh (roimh thús phaindéim dhomhanda COVID-19), trí sheisiúin oideachais ar líne agus trí shuíomh ríomhfhoghlama Frithdhópála Spórt Éireann. D'ainneoin shrianta COVID-19, is airde an figiúr sin ná an figiúr don bhliain 2019 (6,445 duine san iomlán). An phríomhchúis leis an méadú sin sa bhliain 2019 is ea an líon mór lúthchleasaithe agus pearsan tacaíochta lúthchleasaithe a chuir ríomhfhoghlaim frithdhópála i gcrích sa bhliain 2020 mar thoradh ar an bpaindéim.



Glór an Lúthchleasaí

Sa bhliain 2020, bhí Spórt Éireann fós tiomanta dá chinntiú go dtugtar ról do lúthchleasaithe i ngach gné den fhrithdhópáil.

Mar chuid den tiomantas sin, lean Aonad Frithdhópála Spórt Éireann le rannchuidiú go gníomhach leis an Tionscadal RESPECT. Bhí sé mar aidhm leis an tionscadal sin teacht ar dhearcthaí agus eispéiris lúthchleasaithe i leith na frithdhópála chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na nithe a chuireann bac ar an spórt glan agus ar na nithe a chumasaíonn é. Bhí Patrick O'Leary ar dhuine amháin de na lúthchleasaithe a ghlac páirt sa chéim bailiúcháin sonraí den taighde. Tháinig an Tionscadal RESPECT chun deiridh sa bhliain 2020, agus 'Fóram um Léargas ar an Spórt Glan' á thionóladh go fíorúil thar dhá lá an 8 agus an 9 Nollaig 2020. Mar chuid den fhóram sin, chuir an grúpa na fionnachtana uaidh i láthair maidir le cén chuma, dar le lúthchleasaithe, atá ar an spórt 'glan' agus cén fáth a mbraitheann siad go bhfuil tábhacht ag baint leis.

Tugadh cur i láthair maidir le straitéisí oideachais frithdhópála ag an bhfóram freisin, ar lena linn a rinneadh plé ar straitéis deich mbliana chun tacú le lúthchleasaithe a roghnaíonn dul san iomaíocht go glan agus ar an tionscadal RESPECT-P, arb é an chéad chéim eile den chlár é.



I mí na Samhna 2020, chuaigh Spórt Éireann i bpáirt le hionadaithe do lúthchleasaithe ó 13 tír eile agus lena nEagraíocht Náisiúnta Frithdhópála faoi seach chun a iarraidh go ndéanfaí athchóiriú fiúntach ag an nGníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil (WADA). Go háirithe, d'iarr an grúpa go mbeadh tuilleadh neamhspleáchais, trédhearcachta agus cuntasachta ann ag WADA. Chomh maith leis sin, d'athdhearbhaigh an grúpa an gá atá ann le cearta an duine a neartú agus deireadh a chur le coinbhleachtaí leasa sa chóras frithdhópála. Creideann Spórt Éireann go láidir go gcothóidh an trédhearcacht mhéadaithe sin tuilleadh muiníne i measc lúthchleasaithe agus go gcuirfidh sé ar chumas WADA an misean atá aige a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí.



Tástáil

COVID-19 agus Tástáil

Tosaíodh clár tástála sa bhliain 2020 ar an mbonn go mbeadh na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha ar siúl níos déanaí sa bhliain. Thit paindéim dhomhanda COVID-19 amach ansin. Stopadh go tobann imeachtaí spóirt agus seisiúin agus campaí traenála ar fud an domhain, Éire san áireamh. Maidir le himeachtaí a bhí le cur ar siúl go luath sa bhliain, bogadh go deireadh na bliana iad nó cuireadh ar ceal iad.

Díreach ina dhiaidh sin, thosaigh an tAonad Frithdhópála ag díriú ar phrótacail tástála drugaí a fhorbairt ionas go bhféadfaí tástálacha a dhéanamh le linn na paindéime. Ba ghá don Aonad a chinntiú go raibh na prótacail sin ag teacht leis na treoirlínte ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS). Bhí Spórt Éireann ar cheann amháin den aon bhall déag de ghrúpa oibre idirnáisiúnta Eagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála a d'fhorbair Mionathruithe ar Phrótacail Bhailiúcháin Samplaí le haghaidh tástáil le linn na paindéime. Bhain an Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil (WADA) leas as na prótacail sin mar bhunchloch dá prótacail féin, atá leagtha amach sa doiciméad uaithi dar teideal COVID-19: Treoir d'Eagraíochtaí Frithdhópála maidir le Tástáil a Atosú.

Chun gach duine a choinneáil sábháilte, thug Pearsana Bailiúcháin Samplaí faoi oiliúint ar líne maidir leis na nósanna imeachta mionathraithe um bailiú samplaí sula bhféadfadh siad tástálacha frithdhópála a dhéanamh. Cuireadh dhá sheisiún oiliúna ar siúl an 3 agus an 22 Meitheamh 2020 le haghaidh Pearsana Bailiúcháin Samplaí a bhí ar fáil chun obair.

Chuir Aonad Frithdhópála Spórt Éireann na bearta cosanta breise uainn in iúl do lúthchleasaithe agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta atá sa Ghrúpa Cláraithe le haghaidh Tástála chun a chinntiú go raibh siad ar an eolas faoi na bearta nua agus gur thuig siad iad.

Ba mhaith leis an Aonad Frithdhópála buíochas a ghabháil leis na lúthchleasaithe agus na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta uile atá sa Ghrúpa Cláraithe le haghaidh Tástála as ucht a gcúnamh agus a gcomhair maidir le tástáil agus maidir le himeachtaí a athsceidealú. Gabhtar buíochas ar leith leis na Pearsana Bailiúcháin Samplaí as ardchaighdeán oibre a chothabháil le linn dóibh cloí leis na treoirlínte nua.


An Clár Náisiúnta Tástála

Bhailigh Spórt Éireann 1,045 ceann de shamplaí fola agus fuail sa bhliain 2020. Ba ó 27 spórt difriúil a bailíodh na samplaí. Bhí samplaí lasmuigh de chomórtas freagrach as 83% de na samplaí a bailíodh.


Buaicphointí Tástála sa bhliain 2020

- Bhí samplaí laistigh de chomórtas freagrach as 17% de na samplaí a bailíodh faoin gclár náisiúnta tástála toisc gur cealaíodh roinnt comórtas de bharr phaindéim COVID-19. Bhí samplaí lasmuigh de chomórtas freagrach as 83% de na samplaí a bailíodh
- Tháinig laghdú 11% ón mbliain 2019 ar an líon iarrachtaí nár éirigh leo ina measc siúd sa Ghrúpa Cláraithe le haghaidh Tástála
- Tháinig méadú ó ceithre cinn sa bhliain 2019 go seacht gcinn sa bhliain 2020 ar an líon cásanna inar theip ar an lúthchleasaí toisc nár bh eol cá háit a raibh sé/sí


AN LÍON IOMLÁN TÁSTÁLACHA: 1,045



TÁSTÁLACHA LASMUIGH DE CHOMÓRTAIS: 872



TÁSTÁLACHA LAISTIGH DE CHOMÓRTAIS: 173



COMHLACHT RIALAITHE NÁISIÚNTA

173

567

305

IOMLÁN: 1,045

Lúthchleasaíocht Éireann	20	52	40	112
Badmantan Éireann	5			5
Cispheil Éireann	4			4
An Cumann Camógaíochta	4			4
Canúail Éireann	12	6		18
Cruicéad Éireann	4			4
Rothaíocht Éireann	17	94	80	191
Cumann Peile na hÉireann	26	28		54
Cumann Lúthchleas Gael	51	63	24	138
Gleacaíocht Éireann	4	1		5
Haca Éireann	11			11
Eachspórt Éireann	7			7
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	31	8		39
Cumann Júdó na hÉireann	6			6
Coimisiún Ealaíona Comhraic na hÉireann	3			3
Cumann Rugbaí na hÉireann	2	73	39	114
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	13	1		14
Cumann Taekwondo na hÉireann	4	1		5
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann - Spórt	3	1		4
Cumann Pheil na mBan	6			6
Cumann Rásaíochta Mótair na hÉireann	7			7
Cumann Parailimpeach na hÉireann	46	13		59
Peantatlan Éireann	12	6		18
Rámhaíocht Éireann	56		48	104
Cumann Snámha na hÉireann	9	47	29	85
Trí-atlan Éireann	2	10	8	20
Tógáil Meáchain Éireann	6	2		8

LAISTIGH DE CHOMÓRTAS

LASMUIGH DE CHOMÓRTAS

FUIL



An Clár ‘Íocann an tÚsáideoir’

Tugann Spórt Éireann faoi thástáil faoin gClár ‘Íocann an tÚsáideoir’ freisin. Is é atá i gceist leis sin go n-íocann eagraíochtaí spóirt as tástáil. Sa bhliain 2020, rinneadh 118 tástáil faoin gclár sin – 106 tástáil fuail agus 12 thástáil fola.

Tábla 3: Staitisticí ar Thástáil ‘Íocann an tÚsáideoir’

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta	Laistigh de Chomórtas	Lasmuigh de Chomórtas	Fuail	Iomlán
Eagraíocht Frithdhópála na hIorua	0	1	1	2
Cumann Idirnáisiúnta na Dornálaíochta Amaitéaraí (AIBA)	0	1	0	1
Lúthchleasaíocht Éireann	5	0	0	5
An Lárionad Ceanadach um Eitic sa Spórt	0	1	0	1
Cumann Rugbaí na hÉireann	16	0	0	16
An Chónaidhm Idirnáisiúnta Tarraingt Téide	8	0	0	8
Craobh na Sé Náisiún	14	0	0	14
Eagraíocht Frithdhópála na Ríochta Aontaithe	0	3	0	3
Gníomhaireacht Frithdhópála na Stát Aontaithe	0	3	1	4
Cumann Rugbaí an Domhain	0	54	10	64
Iomlán	43	63	12	118

Tábla 4: Iarrachtaí nár Éirigh leo i measc Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta	Iarrachtaí nár Éirigh leo
Cumann Lúthchleas Gael	4
Cumann Peile na hÉireann	3
Cumann Rugbaí na hÉireann	1
Haca Éireann	1

Tábla 5: An líon Teipeanna ar Lúthchleasaithe sa Ghrúpa Cláraithe le haghaidh Tástála toisc nárbh eol Cá hÁit a raibh siad agus an líon Iarrachtaí nár Éirigh leo de réir na Ráithe

	Teipeanna Comhdúcháin	Tástálacha a Cailleadh	Iarrachtaí nár Éirigh leo
Ráithe 1	0	1	23
		Rámhaíocht Éireann: 1	Lúthchleasaíocht Éireann: 5
			Canúail Éireann: 2
			Rothaíocht Éireann: 4
			Gleacaíocht Éireann: 1
			Cumann Júadó na hÉireann: 1
			Cumann Parailimpeach na hÉireann: 3
			Peantatlan Éireann: 1
			Rámhaíocht Éireann: 2
			Cumann Seoltóireachta na hÉireann: 3
			Cumann Snámha na hÉireann: 1
Ráithe 2	0	1	2
		Trí-atlan Éireann: 1	Peantatlan Éireann: 1
			Rámhaíocht Éireann: 1
Ráithe 3	1	3	31
	Rámhaíocht Éireann: 1	Lúthchleasaíocht Éireann: 1	Lúthchleasaíocht Éireann: 4
		Rothaíocht Éireann: 1	Cumann Dornálaíochta Amaitéaraí na hÉireann: 4
		Cumann Seoltóireachta na hÉireann: 1	Canúail Éireann: 5
			Rothaíocht Éireann: 4
			Gleacaíocht Éireann: 1
			Cumann Júadó na hÉireann: 2
			Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann: 1
			Cumann Parailimpeach na hÉireann: 4
			Rámhaíocht Éireann: 4
			Cumann Seoltóireachta na hÉireann: 1
			Cumann Snámha na hÉireann: 1
Ráithe 4	1	0	26
	Rothaíocht Éireann: 1		Lúthchleasaíocht Éireann: 2
			Cumann Dornálaíochta Amaitéaraí na hÉireann: 7
			Canúail Éireann: 1
			Rothaíocht Éireann: 7
			Cumann Parailimpeach na hÉireann: 1
			Rámhaíocht Éireann: 3
			Cumann Seoltóireachta na hÉireann: 2
			Cumann Snámha na hÉireann: 2
			Trí-atlan Éireann: 1

Teip Comhdúcháin: Teip ar Lúthchleasaí Comhdú cruinn iomlán maidir le Cá hÁit a raibh sé/sí a dhéanamh, rud a úsáidtear chun an Lúthchleasaí a aimsiú le haghaidh Tástáil.

Tástáil a Cailleadh: Teip ar Lúthchleasaí é/í féin a chur ar fáil le haghaidh Tástáil sa láthair agus ag an am atá sonraithe laistigh den sliotán ama 60 nóiméad a cuireadh in iúl sa Chomhdú uaidh/uaihi maidir le Cá hÁit a raibh sé/sí.

Teip toisc nárbh eol Cá hÁit a raibh siad: Teip Comhdúcháin nó Tástáil a Cailleadh.

Iarracht nár Éirigh léi: Iarracht a dhéantar lasmuigh den láthair agus den am atá sonraithe sa sliotán ama 60 nóiméad a cuireadh in iúl sa Chomhdú uaidh/uaihi maidir le Cá hÁit a raibh sé/sí. I gcás go ndéantar iarracht lasmuigh den sliotán ama 60 nóiméad, taifeadtar í mar iarracht nár éirigh léi. Ní thaifeadtar í mar thástáil a cailleadh ná mar Theip toisc nárbh eol Cá hÁit a raibh sé/sí.



Eolaíocht

Gné ríthábhachtach den chlár tástála is ea eolaíocht. Chun go mbeidh sí éifeachtach, is bunriachtanas é go mbailíonn an tAonad Frithdhópála na samplaí ag an am ceart i sceideal traenála agus comórtais an lúthchleasaí. Baineann an tAonad Frithdhópála úsáid as roinnt uirlisí chun a chinntiú go gcuirtear clár éifeachtach tástála chun feidhme:

Plean Dáileacháin Tástálacha

Is é is Plean Dáileacháin Tástálacha ann ná leithdháileadh roinnt tástálacha in aghaidh an spóirt. Cuirtear i gcrích é ar bhonn bliantúil. Tá dhá ghné i gceist leis an bPlean Dáileacháin Tástálacha:

a) Anailís Riosca: Déantar anailís riosca ar gach spórt agus ar na disciplíní laistigh de na spóirt. Áirítear na nithe seo leis na critéir a úsáidtear le linn na hanailíse riosca: éilimh fhisiciúla an spóirt/an disciplín sin; na héifeachtaí féideartha breisithe feidhmíochta a d'fhéadfadh teacht as an dópáil; an luach saothair/na dreasachtaí atá ar fáil; stair na dópála sa spórt sin; taighde ar threochtaí dópála; an fhaisnéis arna fáil; na torthaí ar Phleananna Dáileacháin Tástála roimhe.

b) Leithdháileadh: Leithdháilfear roinnt tástálacha ar gach spórt, bunaithe ar an anailís riosca a rinneadh ar an spórt agus ar an líon lúthchleasaithe atá sa ghrúpa cláraithe le haghaidh tástála i ngach spórt.

Pas Bitheolaíoch Lúthchleasaí

Is cuid den Phas Bitheolaíoch Lúthchleasaí iad na samplaí uile a mbailíonn an tAonad Frithdhópála iad. Tá dhá ghné i gceist leis an bPas Bitheolaíoch Lúthchleasaí – modúl haemaiteolaíoch (fola) agus modúl stéaróideach (fual). Is próifíl chomhréireach í sin ar roinnt samplaí arna mbailiú ó lúthchleasaithe aonair. Is féidir léi éifeachtaí na dópála a nochtadh go hindíreach, in ionad dópáil a bhrath go díreach.

Samplaí Fola Pas Bhitheolaíoch Lúthchleasaí a bailíodh de réir an Spóirt sa bhliain 2020

Spórt	An Líon Samplaí (Fola) Pas Bhitheolaíoch Lúthchleasaí a bailíodh
Lúthchleasaíocht	40
Dornálaíocht	6
Canúail	6
Rothaíocht	54
Nuachaimhlint Chúig Mhír	6
Lúthchleasaíocht Pharailimpeach	9
Rothaíocht Pharailimpeach	24
Rámhaíocht	48
Snámh	28
Trí-atlan	8
Iomlán	229



An tAonad Bainistíochta Pasanna Lúthchleasaí

Is é an tAonad Bainistíochta Pasanna Lúthchleasaí ann ná aonad tiomnaithe atá freagrach as na samplaí bitheolaíocha lúthchleasaí agus na pasanna bitheolaíocha lúthchleasaí uile a athbhreithniú ar bhealach tráthúil agus as iad a bhainistiú. Ní mór an tAonad Bainistíochta Pasanna Lúthchleasaí a bheith á óstáil ag saotharlann atá creidiúnaithe ag WADA. I láthair na huaire, tá Spórt Éireann ag úsáid Aonad Bainistíochta Pasanna Lúthchleasaí an Réigiúin Nordaigh, a n-óstálann Saotharlann Osló é, le haghaidh pasanna fola. Tá sé ag úsáid Shaotharlann Cologne le haghaidh pasanna stéaróideacha a bhainistiú. Tugann an tAonad Bainistíochta Pasanna Lúthchleasaí comhairle agus tacaíocht don Aonad Frithdhópála maidir le conas an Pas Bitheolaíoch Lúthchleasaí a bhainistiú. Déanann an tAonad Bainistíochta Pasanna Lúthchleasaí measúnú agus eisiúint ar mholtaí maidir le bailíocht samplaí, le tástáil leantach agus sprioctháistáil, le hanailís bhreise agus le hathbhreithnithe saineolaithe a chomhordú. Chomh maith leis sin, tugann sé comhairle maidir le tosaíochtaí agus straitéisí a bhfuil mar aidhm leo éifeachtúlacht an chlár Phasanna Bitheolaíocha Lúthchleasaí a bharrfheabhsú.

Doiciméad Teicniúil WADA le haghaidh Anailís atá Sonrach don Spórt (TDSSA)

Sa doiciméad seo ó WADA, tugtar breac-chuntas ar an íosleibhéal anailíse a dhéanfar i dtaca le hOibreáin Spreagthacha Eiritreapóisíne (ESAnna), Hormón Fáis (GH) agus Fachtóirí Scaoilte GH (GHRFanna) le haghaidh spórt agus disciplíní. Déantar na hanailísí sin de bheis ar an ngnáthanailís a dhéantar ar gach sampla. Tá an TDSSA bunaithe ar chur chuige eolaíoch lena gceanglaítear na héilimh fhiseolaíocha agus neamhfhiseolaíocha a bhaineann le feidhmíocht lúthchleasaí leis na buntáistí eirgíneacha a ghabhann leis na substaintí coiscthe sin.

Stóráil Fhadtéarmach agus Athanailís

Cuireann an tAonad Frithdhópála Straitéis Coinneála agus Athanailíse Samplaí chun feidhme. Ceadaítear le Cód WADA samplaí a stóráil ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a mhéad agus cumasaítear leis anailís chúlghabhálach a dhéanamh inar féidir leas as an dul chun cinn teicniúil ar mhodhanna brathadóireachta agus tuilleadh faisnéise a fhorbairt ar na samplaí sin. Mar thoradh ar an dul chun cinn atá déanta ar mhodhanna anailíseacha le blianta beaga anuas, agus ar na Doiciméid Theicniúla nua atá tugtha isteach ag WADA, tá deis ag Spórt Éireann anailís chúlghabhálach a dhéanamh ar shamplaí stóráilte roghnaithe chun a dhéanamh amach an gcuimsítear iontu nó nach gcuimsítear iontu substaintí nach raibh inbhraite ar dtús tráth an bhailithe.

Samplaí a Cuireadh isteach i Stóráil Fhadtéarmach

Cineál Sampla	An líon a cuireadh leis sa bhliain 2020
Fual	98
Fuil	10
Iomlán	108

Samplaí a Athanailísíodh

Cineál Sampla	An líon a athanailísíodh sa bhliain 2020
Fual	0
Fuil	12
Iomlán	12



Cógais agus TUEnna

Is é Eirpharm.com an Suíomh Gréasáin Cógaisíochta Éireannach a forbraíodh sa bhliain 2000 mar bhunachar sonraí ar líne ar féidir leis na daoine sin atá faoi réir tástáil drugaí é a úsáid chun stádas a gcógais de réir Liosta Substaintí Coiscthe reatha WADA a sheiceáil.

Athraítear an suíomh Gréasáin chun dáta de réir mar a chuirtear cógais nua ar an margadh, de réir mar a scoirtear de chógais agus de réir mar a dhéantar athruithe ar Liosta Substaintí Coiscthe WADA. Tugtar Treoir nuashonraithe d'Oideasóirí ar shuíomh Gréasáin Eirpharm gach bliain. Tugtar ar an suíomh freisin achoimre ar na hathruithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oideasóirí de bharr athruithe ar liosta WADA don bhliain sin.

Bhí Táibléid lobúpróifeine ar an táirge ba mhó cuardach sa bhliain 2020. Bhí Rubex agus Lemsip Max Cold and Flu na táirgí ba mhó cuardach ina dhiaidh sin.



Tábla 1: Na táirgí aonair ba mhó cuardach

Rang 2020 (Rang 2019)	Ainm an Táirge	An líon uaireanta a cuardaíodh é an líon do 2020 i gcló trom, (an líon do 2019 idir lúibíní)	Cén táirge atá ann?	Stádas dlí
1 (3)	Táibléid lobúpróifeine	1010 (1296)	Táibléad iobúpróifeine le haghaidh pian agus fiabhras a chóireáil	Thar an gcuntar i gcógaslanna
2 (1)	Táibléid Oráiste Bhroidearnúil Rubex, 1000 mg*	473 (2650)	Táibléid a bhfuil paraicéiteamól agus fosfáit cóidín mar chomhábhair acu agus a úsáidtear chun pian a bhainistiú	Ar Díol leis an bPobal
3 (8)	Lemsip Max Cold and Flu	245 (683)	Paraicéiteamól le haghaidh tuaslagán ó bhéal chun na siomptóim a bhaineann le slaghdáin nó le fliú a mhaolú	Ar Díol leis an bPobal
4 (20)	Analóir Salamóil	215 (137)	Béite-2-agónaí gearrghníomhach (salbútamól) a úsáidtear chun broncaifhreanga in asma agus galar scamhóige toirmeascach ainsealach a chóireáil	Oideas
5 (11)	Tuaslagán Ventolin ó Bhéal	154 (381)	Béite-2-agónaí gearrghníomhach (salbútamól) a úsáidtear chun broncaifhreanga in asma agus galar scamhóige toirmeascach ainsealach a chóireáil	Oideas

* Níl an táirge á mhargú mar chógas a thuilleadh sa bhliain 2021. Rachadh an stoc ar fad a bhfuil údarú táirge aige as dáta faoin uair sin. Dá bhrann sin, baineadh an táirge seo ón mbunachar sonraí Eirpharm.

Tábla 2: Na raonta táirgí míochaine ba mhó cuardach: Ar oideas agus gan a bheith ar oideas

Táirgí nach bhfuil ar Oideas (mar % den líon iomlán cuardach rathúil)					
Branda	An cineál táirgí sa raon	2020	2019	2018	2017
	Iomlán	9026	25780	25049	47555
Lemsip	Raon táirgí atá bunaithe ar pharaicéiteamól chun na siomptóim a bhaineann le slaghdáin, fliú agus casachtaí a mhaolú	8.2	6.6	9.8	10.5
Nurofen	Raon táirgí frith-athlastacha agus slaghdáin agus fliú atá bunaithe ar iobúpróifein	7.8	14.9	7.8	6.7
Panadol	Raon táirgí atá bunaithe ar pharaicéiteamól chun pian a mhaolú agus chun na siomptóim a bhaineann le slaghdáin agus fliú a mhaolú	2.8	^	^	^
Táirgí atá ar Oideas (mar % den líon iomlán cuardach rathúil)					
Branda	Aicme theiripeach	2020	2019	2018	2017
Ventolin	Béite-2-agónaí, táirgí a ionanálaítear go príomha	3.2	2.5	3.6	2.4


^ Ní raibh an céatadán mór go leor lena chur ar áireamh i dtuarascáil bhliantúil na bliana sin.

Díolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach (TUEanna)

Cloíonn Spórt Éireann leis an gCód Domhanda Frithdhópála: *An Caighdeán Idirnáisiúnta le haghaidh Díolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach (ISTUE).*

Le Díolúine ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach (TUE), ceadáítear do lúthchleasaí úsáid a bhaint as substaint choiscithe nó modh coiscithe a chuirtear ar áireamh ar Liosta Substaintí Coiscithe WADA, faoi réir coinníollacha sainithe áirithe a chomhlíonadh. Féadfaidh lúthchleasaithe iarratas a dhéanamh ar TUE chuig Spórt Éireann nó, i gcás lúthchleasaí ar leibhéal Idirnáisiúnta, chuig an gCónaidhm Idirnáisiúnta. Chun go ndeonófaí ceadú le haghaidh TUE, ní mór don lúthchleasaí riocht sláinte a bhfuil bunús maith leis a bheith air/ uirthi agus sonraí ábhartha iontaofa leighis a bheith aige/aici mar thacaíocht.

De na hiarratais bhailí a rinneadh chuig Spórt Éireann ar TUE sa bhliain 2020 (26 ceann), cheadaigh an Coiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach 18 gcinn tar éis dó comhad leighis cothrom le dáta a fháil. Dhiúltaigh an Coiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach d'iarratas amháin. Bhí seacht n-iarratas ina n-iarratais neamhiomlána fós ag deireadh na bliana 2020 toisc gur roghnaigh roinnt lúthchleasaithe iarratas a dhéanamh ar TUE tar éis tástála (ní gá dóibh TUE a fháil roimh ré faoi Rialacha Frithdhópála na hÉireann). Chomh maith leis sin, tá líon beag iarratas atá á bpróiseáil ag an gCoiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach ar feitheamh measúnú leighis nó tuarascálacha a theastaíonn chun go mbeidh sé in ann an measúnú ar an iarratas a chur i gcrích.



Fíor 1: An líon iarratas ar TUEanna a cheadaíodh sa bhliain 2020 de réir an Spóirt

Ar an iomlán, ba lú an líon iarratas ar TUEanna a fuarthas sa bhliain 2020 ná an líon a fuarthas sa bhliain 2019. Maidir leis na spóirt sin a bhfuiltear ag déanamh roinnt iarratas ar TUEanna ina leith gach bliain le blianta beaga anuas, leanadh leis an staid sin. Bhí roinnt iarratas rathúil ar TUEanna sa bhliain 2020 ag na spóirt amhail rothaíocht, rugbaí agus lámhach, ar spóirt iad a ndéantar roinnt iarratas ar TUEanna ina leith de ghnáth. Bhí laghdú ann san éagsúlacht spóirt ar ina leith a rinne lúthchleasaithe iarratas rathúil ar TUE sa bhliain 2020. B'ionann agus ceithre cinn an líon spóirt nár cheadaíodh ach aon iarratas amháin ar TUE ina leith sa bhliain 2020. Sa bhliain 2019, b'ionann an líon sin agus 11 spóirt.



Oibríochtaí an Aonaid Frithdhópála

Oibríonn an tAonad Frithdhópála ar roinnt tionscadal a bhaineann le forbairt agus cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta Frithdhópála a bhainistiú. Mar thoradh ar na tionscadail sin, cinntítear go mbíonn Clár Frithdhópála éifeachtach éifeachtúil i bhfeidhm ag Spórt Éireann agus cinntíonn Spórt Éireann go mbíonn nós imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm dár ngeallsealbhóirí.

Laethanta Oiliúna do Phearsana Bailiúcháin Samplaí

Cuireadh na laethanta oiliúna bliantúla do phearsana bailiúcháin samplaí ar siúl go fíorúil an 27 Samhain agus an 3 Nollaig.

41

An líon Pearsan Bailiúcháin Samplaí a athchreidiúnófar don bhliain 2021.

Córas Bailiúcháin Samplaí gan Pháipéar

Rinne Spórt Éireann, mar aon le ceithre Ghníomhaireacht Náisiúnta Frithdhópála eile (Ceanada, an Eilvéis, an tSualainn agus an Nua-Shéalainn), córas bailiúcháin samplaí gan pháipéar a thriail le Visionbox, ar cuideachta bogearraí í. Rinne Spórt Éireann agus na ceithre Ghníomhaireacht Náisiúnta Frithdhópála eile gach leagan den aip gan pháipéar a athbhreithniú agus a thástáil. Tugadh aiseolas do Visionbox tar éis gach athbhreithniú a chur i gcrích. Tá spriocdháta ag gach Gníomhaireacht Náisiúnta Frithdhópála ar laistigh de nach mór dóibh an aip a leasú agus a fhorbairt de réir a riachtanas sonracha.

Cuireadh moill ar an tionscadal sin sa bhliain 2020 de bharr phaindéim COVID-19. Cuirfidh Spórt Éireann tús leis an aip gan pháipéar a thástáil le hOifig Rialaithe Dópála sa bhliain 2021. Tá súil ag an Aonad Frithdhópála go gcuirfidh sé tús le bailiúchán samplaí gan pháipéir ar dtús trí mhísin aonair lasmuigh de chomórtais a chur i gcrích sa bhliain 2021.

Toradh amháin a bheidh ar chur chuige gan pháipéar is ea go laghdófar an fhéidearthacht go dtiocfaí earráidí an duine chun cinn. Toradh eile a bheidh air is ea go méadófar éifeachtúlachtaí, go háirithe maidir le nasc láithreach a chruthú le SIMON, arb é Córas Bainistíochta Frithdhópála Spórt Éireann é.

Iniúchtaí

Rinneadh an t-iniúchadh faireachais bliantúil le haghaidh dheimhniú ISO 9001:2015 de chuid an Aonaid Frithdhópála go fíorúil an 15 Deireadh Fómhair 2020. Ba é EQA Ltd, Iniúcháirí Seachtracha an Aonaid Frithdhópála, a rinne an t-iniúchadh sin. Tarraingíodh mionfhionnachtain amháin anuas.

Rinneadh an tlniúchadh Bliantúil ar an Aonad Frithdhópála go fíorúil an 17 Samhain 2020. Ba é KOSI a rinne é. Fuair an tAonad an tuarascáil deiridh ó KOSI i mí Eanáir 2021, áit ar tarraingíodh dhá mhion-shaincheist nós imeachta anuas. Réitíodh na saincheisteanna sin idir an dá linn agus chuir KOSI in iúl don Aonad Frithdhópála gur féidir dearbhú sármhaith a leagan ar an dóigh a mbainistítear an tAonad Frithdhópála go himmheánach i Spórt Éireann.

Faisnéis

Tá an clár Faisnéise ina chuid ríthábhachtach den Chlár Frithdhópála. De réir mar a leanann an ghluaiseacht Frithdhópála ar aghaidh ag bogadh amach ó dhéileáil le tástáil drugaí amháin, tá sé mar aidhm le Spórt Éireann a bhailiú cibé faisnéis a chabhróidh le Sárú Riail Frithdhópála a bhrath, a dhíspreagadh, a fhorfheidhmiú nó a chosc.

Áirítear le Sárúithe Riail Frithdhópála úsáid a bhaint as substaintí coiscthe sa spórt agus iarracht a dhéanamh úsáid a bhaint astu. Áirítear leo freisin, áfach, substaint choiscthe a thabhairt, substaintí coiscthe a shealbhú agus gáinneáil ar shubstaintí coiscthe.

Tá foirm aighneachta um Dhópáil a Thuairisciú ar líne ar fáil ar shuíomh Gréasáin Spórt Éireann (www.sportireland.ie/anti-doping/report-doping). Cabhróidh an fhoirm sin le modh slán sábháilte a thabhairt do dhaoine den phobal chun nithe a bhaineann le drugaí sa spórt a thuairisciú.

Maidir le haon duine a bhraitheann, a shainaithníonn nó a fhianaíonn caimiléireacht, atá ar an eolas faoi chaimiléireacht nó a bhfuil forais réasúnacha aige/aici lena chreidiúint go raibh caimiléireacht ann, molann Spórt Éireann dó/di teacht chun tosaigh agus sárúithe dópála amhrasta a thuairisciú.

Bíonn Spórt Éireann i dteagmháil le roinnt gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Garda Síochána.



Meabhrán Tuisceana – Cumann Cógaiseoirí na hÉireann

Shínigh Spórt Éireann agus Cumann Cógaiseoirí na hÉireann Meabhrán Tuisceana chun obair chomhpháirteach, lena n-áirítear comhroinnt faisnéise, idir na gníomhaireachtaí a éascú, go háirithe i gcás leasanna forluiteacha nó réimsí leasa fhrithpháirtigh.

“Is beart dearfach don fhrithdhópáil in Éirinn é síniú an Mheabhráin Tuisceana idir Spórt Éireann agus Cumann Cógaiseoirí na hÉireann agus is eiseamláir é den dóigh a n-oibríonn gníomhaireachtaí an stáit i gcomhar lena chéile ar mhaithe leis an leas coiteann.”

Catherine Martin TD, an tAire Meán, Turasóireachta, Ealaíon, Cultúir, Spóirt agus Gaeltachta

Rialacha Frithdhópála na hÉireann 2021

Le linn na bliana 2020, leasaigh Spórt Éireann Rialacha Frithdhópála na hÉireann chun a chinntiú go mbeadh siad i gcomhréir leis an gCód Domhanda Frithdhópála 2021. Chuaigh Spórt Éireann i gcomhairle le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus le lúthchleasaithe chun aiseolas a fháil maidir le cur chun feidhme Rialacha Frithdhópála na hÉireann. Tháinig Rialacha Frithdhópála na hÉireann 2021 in éifeacht an 1 Eanáir 2021.



Aguisíní

Aguisín 1: Sáruihte ar Rialacha Frithdhópála

2019

Spórt	Cineál Tástála	Riail a sáraíodh	Substaint	Catagóir substainte	Smacht-bhannaí
Coraíocht	Laistigh de Chomórtas	2.1	Glúcúróinid eipeastanasólóil (stanasólól); 4-meitilheicsean-2-aimín (meitilheicseanaimín) agus 5-meitilheicsean-2-aimín (1,4-démheitiolpheintilaimín)	S1: Oibreáin Anabalacha	4 Bliana
Snámh	Lasmuigh de Chomórtas	2.1	Clostaból	S1: Oibreáin Anabalacha	1 bhliain
Rásaíocht Mótair	Laistigh de Chomórtas	2.3	N/B	N/B	4 Bliana
Rothaíocht	Laistigh de Chomórtas	2.1	Epiacsandralón, ocsandralón, 18-noracsandralón agus Boldanón agus/nó meitibilít(i) boldanóin	S1: Oibreáin Anabalacha	4 Bliana

2020

Spórt	Laistigh/ Lasmuigh de Chomórtas	Riail a sáraíodh	Substaint	Catagóir substainte	Smacht-bhannaí
CLG	Lasmuigh de Chomórtas	2.1	Mealdóiniam	S4: Modhnóirí Hormóin agus Meitibileacha	4 Bliana
Trí-atlan	Lasmuigh de Chomórtas	2.1	LGD-4033 (ligeandról)	S1: Oibreáin Anabalacha	4 Bliana
Tógáil Meáchain	Laistigh de Chomórtas	2.2	Nandralón	S1: Oibreáin Anabalacha	4 Bliana

IADR 2.1 Substaint Choiscithe nó a cuid Meitibilítí nó Marcóirí a bheith i láthair i sampla an Lúthchleasaí

IADR 2.2 Substaint choiscithe a úsáid

IADR 2.3 Bailiúchán Sampla a Sheachaint, Diúltú do Shampla a Thabhairt nó Cliseadh dul faoi

Aguisín 2: Costais an Chláir

Ceannteideal Caiteachais	2019	2020
Tástáil (1)	966,841.75	839,872.64
Oideachas agus Taighde (2)	46,326.05	51,311.39
Tuarastail (3)	260,676.33	323,528.07
Costais Eile (4)	670,256.24	689,669.51
Iomlán	1,944,100.37	1,904,381.61
Ioncam ó Thástáil	110,656.88	59,569.00

1. Áirítear leis an costas a bhaineann le samplaí a bhailiú, iompar, conarthaí anailíse saotharlainne, costais aonaid mhóibíligh agus an clár tástála inmheánaí.
2. Áirítear leis costais dhíreacha oideachais agus taighde a bhaineann leis an gclár
3. Costais olltuarastail, lena n-áirítear ÁSPC ón bhFostóir do na baill foirne den Aonad Frithdhópála.
4. Áirítear leis comhairle dlí a bhaineann leis an gclár, táillí comhairleachta, taisteal agus cothú, fógraíocht, priontáil, árachas agus forchostais eile le linn an clár a riar.

Aguisín 3: Cruinnithe Idirnáisiúnta agus Seimineáir Ghréasáin

Dáta	Cruinnithe agus Seimineáir Gréasáin
16-17 Ean.	Comhdháil Idirnáisiúnta ICIC maidir leis an gCód Domhanda 2021
16 Aib.	Forbairtí Tábhachtacha sa Spórt Parailimpeach d'Eagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála - iNADO
06 Beal.	An t-eolas is deireanaí ó NADA, an Ghearmáin – Spotaí Fola Triomaithe
15 Beal.	An Caighdeán Idirnáisiúnta nua le haghaidh an Oideachais, agus Treoirlínte
26 Beal.	Na hAthruithe is Mó Tionchar ar an gCód Domhanda Frithdhópála 2021
27 Beal.	An tAcht um Chearta Frithdhópála Lúthchleasaithe – Conas is féidir le hEagraíochtaí Frithdhópála tacú le Cur Chun Feidhme agus Gealltanais an Achta
27 Beal.	An Eolaíocht taobh thiar d'Fhorlíontaí Spóirt a bheith á dTástáil agus á nDeimhniú ag Tríú Páirtithe – iNADO
10 Meith.	Measúnú Riosca agus Plean Dáileacháin Tástálacha
24 Meith.	Cruinniú Comhairliúcháin Réigiúnaigh UNESCO
22 Meith.	Díolúint ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach (TUEna): Croíphrionsabail agus Athruithe ar an gCaighdeán Idirnáisiúnta 2021 le haghaidh TUEna
02 Iúil	Rialuithe Móibíleacha Dópála le linn Phaindéim COVID-19 – iNADO
03 Iúil	An Seimineár Gréasáin ar Smaointe Inspioráideacha
08 Iúil	Cosaint Dhomhanda do Lúthchleasaithe ar Dhópáil gan Chuimhneamh – iNADO
08 Iúil	An Córas do Bhainistiú agus Riar na Frithdhópála (ADAMS): Córas nua Rialaithe Dópála gan Pháipéar de chuid WADA agus an Dul Chun Cinn ar Bhunathrú na Chéad Ghlúine Eile

09 Iúil	Grúpaí Lúthchleasaithe agus Cá hÁit a raibh siad
15 Iúil	Spotaí Fola Tromaithe a Thástáil agus a Anailísiú
17 Iúil	Clár Éifeachtach Tástála a Chur Chun Feidhme
23 Iúil	Bunriachtanais Chibearshlándála d'Eagraíochtaí Frithdhópála
29 Iúil	Na Príomhthátail as an gCaighdeán Idirnáisiúnta le haghaidh Bainistíocht Torthaí, 2021
31 Lún.	Seirbhísí Rannóg Frithdhópála na Cúirte Eadrána Spóirt d'Eagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála agus d'Eagraíochtaí Réigiúnacha Frithdhópála
17 MF	Neamhspleáchas na bPainéal Éisteachta
25 MF	Siompóisiam Eolaíoch USADA dar teideal "Lúthchleasaithe agus Ionracas an Spóirt a Chosaint le linn Géarchéim Sláinte Poiblí"
28 MF	Na príomhathruithe ar ISTUE 2021: An seimineár ar chásanna a chur i láthair
2 DF	Siompóisiam Eolaíoch USADA dar teideal "Éabhlóid an Liosta Substaintí Coiscithe agus Faireachán a Dhéanamh ar Fheidhmíocht Nuálach – Substaintí agus Modhanna a Bhreisiú"
9 DF	Siompóisiam Eolaíoch USADA dar teideal "Bailiúchán Samplaí a Athrú ó Bhonn"
13 DF	Cruinniú Comhairliúcháin Réigiúnaigh UNESCO
14 DF	An Caighdeán Idirnáisiúnta le haghaidh Chomhlíonadh an Chóid ag Sínteoirí agus todhchaí chlár WADA um fhaireachán ar chomhlíonadh
16 DF	Siompóisiam Eolaíoch USADA dar teideal "Maitrísí agus Anailísí Nua a Ghlacadh"
21 DF	Ullmhú d'Iniúchadh WADA: Conas Freagra a Thabhairt ar Cheisteanna faoin gCaighdeán Idirnáisiúnta le haghaidh Príobháideacht agus Faisnéis Phearsanta a Chosaint (ISPPPI)
23 DF	Siompóisiam Eolaíoch USADA dar teideal "Ag Teacht as Géarchéim: Na Nithe ar Éirigh leo agus na Dúshláin atá le Teacht"
23 DF	Cruinniú Líonra Faisnéise agus Imscrúduithe Frithdhópála (ADIIN) na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil
28 DF	WADA: Pearsana Bailiúcháin Samplaí a Chur faoi Oiliúint, a Chreidiúnú agus a Athchreidiúnú
29 DF	WADA: An Liosta Earraí Coiscithe 2021 agus ina Dhiaidh
12 Samh.	An Fóram um Fhrithdhópáil sa Spórt Áineasa
13 Samh.	Cad a Theastaíonn chun Imscrúduithe a Dhéanamh?
16 Samh.	Cruinniú Ginearálta Bliantúil iNADO agus Láithreoireacht ar Neamhspleáchas na nEagraíochtaí Frithdhópála
16 Samh.	Tús Eolais ar conas Meastóireacht a Ríomhchlárú le haghaidh Gairmithe Frithdhópála
19 Samh.	Grúpa Oideachais Chomhairle na hEorpa
23 Samh.	Substaintí Mí-Úsáide faoin gCód Domhanda Frithdhópála 2021 agus faoin Liosta Substaintí Coiscithe
26 Samh.	Seisiún faisnéise de chuid Shainghrúpa Réamhchluichí na Gníomhaireachta Tástála Idirnáisiúnta le haghaidh Chluichí Thóiceo 2020
4 Noll.	Neamhspleáchas Oibriúcháin na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála (NADOnna) faoin gCód 2021
16 Noll.	Seisiún Ceardlainne iNADO: Prionsabail slándála TF a thabhairt isteach d'Eagraíochtaí Frithdhópála
17-18 Noll.	Grúpa Faireacháin Chomhairle na hEorpa um an gCoinbhinsiún Frithdhópála

Aguisín 4: Cuardaigh Eirpharm – Faisnéis Fhorlíontach


An Toradh ar Thorthaí Cuardaigh: Stádas sa Spórt

Stádas na dTáirgí a Cuardaíodh	Céatadán den líon iomlán cuardach (figiúirí na bliana 2019 idir lúibíní)
Ceadaithe	81.4% (87.35%)
Coiscthe d'Fhir agus do Mhná Laistigh de Chomórtas agus Lasmuigh de Chomórtas	3.27% (2.24%)
Coiscthe Laistigh de Chomórtas Amháin (glúcacortacóidigh agus spreagthaigh go príomha)	8.95% (7.6%)
Béite-2-agonaithe (atá ceadaithe laistigh de ghnáthdháileoga teiripeacha)	5.84% (0.14%)
Coiscthe i spóirt ar leith (Béite-bhlocálaithe)	0.34% (0.11%)
Coiscthe i gcás fear amháin	0.07% (0.02%)

Cuardaigh de réir an ama sa bhliain

Sa bhliain 2020, ba í mí Eanáir an mhí ba ghnóthaí. Ba ansin a rinneadh 18% de na cuardaigh ar fad. Ba í mí Feabhra an dara mí ba ghnóthaí, ar lena linn a rinneadh 15.8% de na cuardaigh ar fad. Déantar achoimre i dTábla 4 agus i bhFíor 1 ar an úsáid mhíosúil. Léirítear iontu an líon míosúil cuardach mar chéatadán den líon iomlán cuardach a rinneadh i ngach ceann de na cúig bliana is déanaí.

Cuardaigh rathúla in aghaidh na míosa







SPÓRT
ÉIREANN
FRITHDHÓPÁIL

SPORT
IRELAND
ANTI-DOPING

Spórt Éireann

An Clós Cúirte, Campas Spórt Éireann
Bóthar Snugborough, Baile Bhlainséir
D15 PN0N, Éire

Fón: +353-1-860 8800

Ríomhphost: antidoping@sportireland.ie

www.sportireland.ie/Anti-Doping